Foirm Ghearáin Chomhshaoil

GEARÁN A Dhéanamh le ÚDARÁS ÁITIÚIL

Má tá gearán agat i dtaobh chúrsaí cosanta comhshaoil faoi chuimsiú shainchúram Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath m.sh. gearán maidir le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú aeir agus torainn, is fearr do ghearán a dhéanamh i scríbhinn.

Is féidir leat dul i dteagmháil freisin le hIonad na Seirbhísí Custaiméirí @ (01) 2222222 le linn gnáthuaireanta oifige.

Tabhair faoi deara go bhfuil uimhir ghutháin faoi leith ann chun dul i dteagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (01 6796186) i gcomhair cásanna éigeandála nó lasmuigh d'uaireanta oifige.

Chun cabhrú leat, tá an fhoirm ghearáin chaighdeánach seo curtha ar fáil. Ní gá duit an fhoirm seo a úsáid ach is fearr duit an oiread eolais agus is féidir leat a thabhairt agus dá bhrí sin tá sé ciallmhar úsáid a bhaint as an bhfoirm ghearáin.

Cibé modh scríofa a úsáideanna tú (litir, r-phost, foirm ghearáin) tá sé inmholta cóip a choinneáil den chomhfhreagras, sa chás gur gá athiniúchadh a dhéanamh ar an ngearán.

Tabhair faoi deara go bhfuil sé inmhianta go ndéanfá d'ainm agus do sheoladh a sholáthar. Gan iad, ní bheidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ábalta tuairisc a chur chugat maidir leis an ní a ndearnadh gearán faoi. Thairis sin, féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dul i dteagmháil leat chun tuilleadh eolais a fháil nó chun roinnt pointí a shoiléiriú.

Más mian leat do shonraí a bheith faoi rún, ní mór é seo a nótáil go sonrach i do ghearán scríofa. Tabharfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath urraim i leith do thoil, laistigh de na cumhachtaí a fhoráiltear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

Tar éis duit an fhoirm seo a chomhlánú, ar mhiste leat cóipeanna d'aon chomhfhreagras nó faisnéis tacaíochta eile mar shampla grianghraif nó léarscáileanna a sheoladh chugainn.

SONRAÍ AN GHEARÁIN

Comhlánaigh an fhoirm seo i **MBLOCLITREACHA** le do thoil

D'Ainm: _____

Seoladh: _____

_____

_____

_____

_____

Fón: _____

Facs: _____

Seoladh R.Phost: _____

Ainm agus seoladh an tionscail, an tsuímh, na saoráide, an dobharlaigh, na habhann nó an duine a bhaineann an gearán leo

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Seoladh an tsuímh agus sracléarscáil: Bain úsáid as an spás thíos chun sracléarscáil agus treoireacha chuig an suíomh atá i gceist a sholáthair.

Tabhair cuntas iomláin ar na fíricí a bhaineanna leis an ngearán (LENA nÁIRÍTEAR AM, DÁTA, AGUS FAD TEAGMHAIS).
Ba chóir go mbeadh an cur síos comh sonrach agus is féidir agus dírithe ar na fíricí a bhaineann leis an ngearán. Tabhair faoi deara go mbíonn sonraí ar nós uimhreacha cláraithe feithiclí an úsáideach agus imscrúdú á dhéanamh ar ghearán.

_____

_____

_____

_____

_____

Rúndacht

Iarraim ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gan m'aitheantas a nochtadh agus imscrúdú á dhéanamh ar an ábhar seo

Dáta agus Síniú an ghearánaí:

_____ _____

DÁTA **SÍNIÚ**

Seol chuig:

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Ionad na Seirbhísí Custaiméirí
Bun Urlár, Bloc 4
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8